**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2022 – Kampete v an Chomhairle**

**(Cás T-110/21)** ([1])

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha a rinneadh i dtaca leis an staid i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó – Reo na gcistí – Srianta le ligean isteach ar chríoch na mBallstát – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar na liostaí de na daoine atá i gceist – An ceart chun éisteacht a fháil – Cruthúnas gur cuí na hainmneacha a chuimsiú agus a choinneáil ar na liostaí – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Buanú gcúinsí fíorasacha agus dlíthiúla ba bhun le glacadh na mbeart sriantach)***

(2022/C 244/43)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Alex Kande Mupompa (Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaí: B. Driessen agus H. Marcos Fraile, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí, sa chéad áit, Cinneadh (CBES) 2020/2033 ón gComhairle an 10 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2020 L 419, lch. 30), agus, sa dara háit, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2021 ón gComhairle an 10 Nollaig 2020 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis an iarratasóir, a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do Ilunga Kampete na costais a íoc.

([1]) IO C 128, 12.4.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2022 – Numbi v an Chomhairle**

**(Cás T-112/21)** ([1])

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha a rinneadh i dtaca leis an staid i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó – Reo na gcistí – Srianta le ligean isteach ar chríoch na mBallstát – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar na liostaí de na daoine atá i gceist – An ceart chun éisteacht a fháil – Cruthúnas gur cuí na hainmneacha a chuimsiú agus a choinneáil ar na liostaí – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Buanú na na gcúinsí fíorasacha agus dlíthiúla ba bhun le glacadh na mbeart sriantach)***

(2022/C 244/44)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* John Numbi (Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M.-C. Cadilhac agus H. Marcos Fraile, I gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí, sa chéad áit, Cinneadh (CBES) 2020/2033 ón gComhairle an 10 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2020 L 419, lch. 30), agus, siosa dara háit, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2021 ón gComhairle an 10 Nollaig 2020 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis an iarratasóir, a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do John Numbi na costais a íoc.

---

([1]) IO C 128, 12.4.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2022 – Ramazani Shadary v an Chomhairle**

**(Cás T-119/21)** ([1])

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha a rinneadh i dtaca leis an staid i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó – Reo na gcistí – Srianta le ligean isteach ar chríoch na mBallstát – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar liostaí na ndaoine atá i gceist – An ceart chun éisteacht a fháil – Cruthúnas gur cuí na hainmneacha a chuimsiú agus a choinneáil ar na liostaí – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Buanú na gcúinsí fíorasacha agus dlíthiúla ba bhun le glacadh na mbeart sriantach)***

(2022/C 244/45)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Emmanuel Ramazani Shadary (Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaí: S. Lejeune, i gcáil Gníomhaire)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí, sa chéad áit, Cinneadh (CBES) 2020/2033 ón gComhairle an 10 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2020 L 419, lch. 30), agus, siosa dara háit, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2021 ón gComhairle an 10 Nollaig 2020 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis an iarratasóir, a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do Emmanuel Ramazani Shadary na costais a íoc.

---

([1]) IO C 128, 12.4.2021.